Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2019
(OR. en)**

**9653/19**

**FISC 275
ECOFIN 516**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Conclúidí ón gComhairle<br>= Glacadh |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 20 Bealtaine, chomhaontaigh an Mheitheal um an gCód Iompair tuarascáil ar dhul chun cinn uaithi a chur faoi bhráid na Comhairle (9652/19 + ADD 1-10) agus na dréachtchonclúidí a ghabhann leis an tuarascáil sin maidir le *'the progress achieved by the Code of Conduct (Business Taxation) Group during the Romanian Presidency'* ['an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Rómáine'], a leagtar amach thíos:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó) agus maidir leis an gComhairle:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Rómáine, mar a leagtar amach sa tuarascáil uaithi (9652/19 + ADD 1-10), go háirithe an t-athbhreithniú a rinneadh ar liosta an Aontais maidir le dlínsí neamhchomhoibríocha i Márta 2019;

2. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair i gcomhréir lena pacáiste oibre ilbhliantúil 2018 (10420/18);

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-athbhreithniú atá déanta ag an Meitheal ar shainorduithe a foghrúpaí agus FORMHUINÍONN SÍ atheagrú a dhéanamh orthu, mar a mholtar sa tuarascáil;

4. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta agus an rollta siar, arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE LE SÁSAMH tabhairt chun críche ailíniú chórais ticbhoscaí paitinní na mBallstát le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI faireachán leanúnach na Meithle ar chur chun feidhme na nótaí treorach a thug sí roimhe seo, lena léirítear tionchar an Chóid Iompair ar chleachtais na mBallstát;

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint dá cuid oibre ar dhréacht-treoir a fhorbairt maidir le córais asbhainte úis bharúlaigh do na Ballstáit sin ar mhian leo córas den chineál sin a chur chun feidhme;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil a machnamh déanta ag an Meitheal ar staid na himeartha maidir le saincheisteanna praghsála aistrithe, tar éis chonclúidí an 8 Nollaig 2015 agus an 6 Nollaig 2016 ón gComhairle, agus FORMHUINÍONN SÍ na conclúidí ar tháinig an Mheitheal orthu sa réimse sin;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hidirghabhálacha éifeachtúla a rinne Cathaoirleach na Meithle le dlínsí mar ullmhúchán do chinntí ábhartha ón Meitheal/gComhairle;

10. FORMHUINÍONN SÍ an dóigh ar réitigh an Mheitheal na saincheisteanna nós imeachta agus polaitiúla a tháinig chun cinn sa phróiseas faireacháin ar na gealltanais a thug dlínsí;

11. FORMHUINÍONN SÍ go háirithe an treoir theicniúil maidir le cistí comhinfheistíochta i gcomhthéacs chritéar 2.2;

12. CUIREANN SÍ I dTREIS nach nglacfar le haon mharthanú, moilleanna breise ná bearta comhchosúla i dtaca leis na dlínsí a thug isteach bearta díobhálacha in ionad na seanchóras fabhrach díobhálach a bhí acu;

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI foilsiú thorthaí na nósanna imeachta maidir leis na bearta uile a scrúdaíodh faoi chritéir 2.1 agus 2.2 um liostú de chuid an Aontais, ar fhormhuinigh an Chomhairle an rolladh siar ina leith, mar aon le hiarrachtaí níos leithne na Meithle infheictheacht agus trédhearcacht próiseas liostaithe an Aontais a mhéadú;

14. MOLANN SÍ don Mheitheal comhleanúnachas le OECD a lorg i dtaca le caighdeáin arda idirnáisiúnta dea-rialachais i réimse an chánachais agus critéir liostaithe;

15. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndlínsí dá gcuid gealltanas agus de chritéar liostaithe 3.2 de chuid an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh;

16. IARRANN SÍ ar an Meitheal an plé a atosú, i dtaca le tuilleadh beart cosanta comhordaithe, i réimse na cánach i gcoinne dlínsí neamhchomhoibríocha, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta;

17. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Fionlainne."

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an tuarascáil (9652/19 FISC 274 ECOFIN 515 + ADD 1-10) a chur chuig an gComhairle i dteannta na gconclúidí mar a leagtar amach thuas;

– a mholadh don Chomhairle an tuarascáil a fhormhuiniú agus na conclúidí a ghlacadh mar mhíreanna "A" ar a clár oibre.